Trialacha Nua Dhroim Conrach do Bhunscoileanna: Nóta do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí

Beidh do pháiste ag déanamh na dTrialacha Nua Dhroim Conrach don Mhatamaitic agus/nó don Léitheoireacht Bhéarla, agus roinnfidh an scoil na torthaí leat. Tá an nóta seo ann chun cabhrú leat na torthaí a thuiscint.

Trialacha nua agus trialacha roimhe seo

Féadfaidh sé go bhfeicfidh tú difríochtaí idir torthaí páiste ar na trialacha nua agus a dtorthaí ar na trialacha roimhe seo.

Is éard atá i scóir trialacha caighdeánaithe ná comparáid idir gnóthachtáil páiste aonair agus 'grúpa tagartha' páistí go náisiúnta. Tá breis agus 10 mbliana ann ó bunaíodh na grúpaí tagartha do na trialacha Dhroim Conrach roimhe seo agus do thrialacha caighdeánaithe eile a úsáidtear i mbunscoileanna na hÉireann. Mar sin, má éiríonn le páiste scór 'meánach' a bhaint amach ar an *sean*-Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach do Bhunscoileanna (a ndearnadh normalú air i 2006), féadtar a mheas go bhfuil a scór 'meánach' i gcomparáid leis an sampla náisiúnta daltaí a thóg an triail sin i 2006.

Éiríonn roinnt mhaith trialacha níos éasca le himeacht na haimsire, toisc go n-éirítear cleachta leis an ábhar. Tá sé léirithe i staidéir a rinneadh le déanaí go bhfuil ag éirí i bhfad níos fearr le páistí in Éirinn ó thaobh na léitheoireachta agus na matamaitice de go ginearálta. Mar gheall ar mheascán de fachtóirí seo, níl sé chomh húsáideach céanna comparáid a dhéanamh idir gnóthachtáil páistí inniu agus na grúpaí tagartha a úsáidtear leis na sean trialacha.[2]

Rinneadh píolótú ar Thrialacha Nua Dhroim Conradh in earrach 2017 agus rinneadh caighdeánú orthu de réir sampla náisiúnta de dhaltaí in earrach 2018. Bunaíodh caighdeáin ansin bunaithe ar ghrúpaí tagartha 2018. Mar sin, má éiríonn le páiste scór 'meánach' a fháil ar an Triail *Nua* Léitheoireachta Dhroim Conrach do Bhunscoileanna, féadtar a mheas go bhfuil a scór 'meánach' i gcomparáid leis an sampla náisiúnta daltaí ar chomhleibhéal ranga a thóg an triail sin sa chaighdéanú i 2018.

Mar gheall ar an neamhréir sna leibhéil ghnóthachtála idir na seanghrúpaí tagartha agus na grúpaí nua, táthar ag súil leis go mbeidh athruithe ann go náisiúnta sna scóir tar éis thabhairt isteach na dtrialacha nua. Is mar gheall ar athrú fírinneach ar a ghnóthachtáil, nó athruithe ar an gcleachtas teagaisc, a d'fhéadfadh aon athruithe teacht aníos sna scóir do pháiste aonair. Ag pointe an aistrithe ó na seantrialacha chuig na trialacha nua, is cosúl go dtarlóidh athrú toisc go bhfuil sé indéanta anois comparáid a dhéanamh idir gnóthachtáil páiste agus grúpa tagartha suas chun dáta.

Trialacha páipéarbhunaithe agus ríomhairebhunaithe

Tá na Trialacha Nua Dhroim Conrach do Bhunscoileanna ar fáil ar pháipéar ag gach leibhéal ó Rang a hAon go Rang a Sé. Tá siad ar fáil chomh maith ar an ríomhaire le haghaidh Rang a Trí go Rang a Sé. Bhí feidhmíocht den chineál céanna ag páistí ag na leibhéil seo ar na leaganacha páipéarbhunaithe agus ríomhairebhunaithe i 2018. Le go gcuirfí san áireamh aon difríochtaí beaga ó thaobh deacrachta de, áfach, rinneadh caighdeánú ar leithligh ar na trialacha ríomhairebhunaithe agus na cinn pháipéarbhunaithe. Mar sin, dá ndéanfadh do pháiste triail nua ar ríomhaire, is léiriú é a scóir ar a bhfeidhmíocht i gcomparáid le páistí eile in Éirinn ar chomhleibhéal ranga a rinne an triail sin ar ríomhaire i 2018.

Scóir na dtrialacha mar mheastacháin

Níl i scóir na dtrialacha ach meastacháin de leibhéal fírinneach gnóthachtála an pháiste, bunaithe ar thacar sonrach ceisteanna trialach a cuireadh ar lá áirithe. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé go bhfuil 'scór fírinneach' páiste ar aon triail ar leith beagáinín níos airde nó níos ísle ná an scór a tuairiscíodh. Tá míniú ar scóir chaighdeánacha agus ar scóir STen forbartha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus féadfaidh siad a bheith ina gcabhair duit. Tá na hacmhainní seo ar fáil i roinnt teangacha éagsúla.[3]

Tá sé tábhachtach go háirithe féachaint ar na scóir mar mheastacháin ghinearálta má tá ciall á baint agat as scóir STen (scóir ó 1 go 10 atá ann, agus meánscór 5.5). Freagraíonn gach scór STen do réimse scór caighdeánach. Is féidir, mar sin, scóir chaighdeánacha a bheith ag beirt páistí nach bhfuil ach pointe amháin nó dhó óna chéile (rud nach dócha a léireodh difríocht shuntasach ina ngnóthachtáil), ach scóir éagsúla STen a bheith acu.

Nuair atá machnamh á dhéanamh agat ar dhul chun cinn do pháiste, tá sé tábhachtach foinsí eile fianaise a chur san áireamh, chomh maith le scóir trialach caighdeánaithe. D'fhéadfadh sé, mar shampla, go ndéanfá machnamh ar aiseolas ó do pháiste agus ón múinteoir ranga, agus ar fheidhmíocht ar thrialacha eile le linn na bliana. Má theastaíonn eolas níos mionsonraithe uait faoi fheidhmíocht do pháiste sa léitheoireacht agus/nó sa mhatamaitic, d'fhéadfá teagmháil a dhéanamh le múinteoir do pháiste.

Féach na naisc ar an gcéad leathanach eile le haghaidh breis eolais ina mbeadh ábhar spéise.

Breis nasc agus acmhainní

1. Léirítear le **staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta** go raibh méadú i leibhéil ghnóthachtála daltaí bunscoile in Éirinn le blianta beaga anuas, ina measc:
   - **National Assessments of Mathematics and English Reading, 2014**.
     - Achoimre ar fáil ó: https://www.education.ie/en/Press-Events/Events/Literacy-and-Numeracy/National-Assessments-of-English-Reading-and-Mathematics-Briefing-Note.pdf
     - Tuairisc iomlán le fáil ó: http://www.erc.ie/wp-content/uploads/2016/11/NA_2014_Vol1_Final-updated.pdf (Shiel, G., Kavanagh, L. & Millar, D. (2014). *The 2014 National Assessments of English Reading and Mathematics. Imleabhar 1: Performance Report.* Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.)
   - **Trends in International Mathematics and Science Study [TIMSS], 2015**.
     - Achoimre le fáil ó: https://www.education.ie/en/Publications/Statistics/International-Statistical-Reports/Launch-of-major-international-study-of-Irish-Students%E2%80%99-Performance-in-Mathematics-and-Science-in-TIMSS-2015.pdf
     - Tuairisc iomlán le fáil ó: http://www.erc.ie/wp-content/uploads/2016/11/TIMSS-initial-report-FINAL.pdf (Clerkin, A., Perkins, R. & Cunningham, R. (2016). *TIMSS 2015 in Ireland: Mathematics and Science in Primary and Post-Primary Schools.* Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.)
   - **Progress in International Reading Literacy Study [PIRLS], 2016.**
     - Achoimre le fáil ó: http://www.erc.ie/wp-content/uploads/2017/12/PIRLS-2016-Flyer.pdf
     - Tuairisc iomlán le fáil ó: http://www.erc.ie/wp-content/uploads/2017/12/PIRLS-2016_inital-report-IRL.pdf (Eivers, E., Gilleece, L. & Delaney, E. (2017). Reading achievement in PIRLS 2016: Initial report for Ireland. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas, 2016.)

2. Léirítear i **dtuarascáil ar thrialacha caighdeánaithe a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna (2016)** go raibh an sciar páistí a fhaigheann scóir arda STen (8 go 10, mar shampla) ar na seantrialacha éirithe níos mó ná an sciar sna grúpaí tagartha bunaidh. Ar an gcaoi chéanna, bhí an sciar páistí a fhaigheann scóir ísle STen (1 go 3, mar shampla) éirithe níos lú ná an sciar sna grúpaí tagartha bunaidh.
   - Tuairisc le fáil ó: https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Standardised-Achievement-Tests-An-analysis-of-the-results-at-Primary-school-level-for-2011-12-and-2012-13.pdf (An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016): *Standardised achievement tests: an analysis of the results at primary school level for 2011-12 and 2012-13.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.)

3. Tá **acmhainní na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta le cabhrú le tuismitheoirí ciall a bhaint as scóir chaighdeánacha agus scóir STen** ar fáil i nGaeilge, Béarla, Polainnis, Araibis, Rómáinis, Rúisis, Fraincis, Sínis, agus Portaingéilis.
   - Le fáil ó: https://www.ncca.ie/ga/bunscoil/acmhainní-do-thuismitheoirí Scrollaigh síos an leathanach agus roghnaigh 'Tástálacha caighdeánaithe'.)